Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15150/25**

**ECOFIN 1489**
**UEM 540**
**STATIS 86**
***ECB***
***EIB***

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Staidreamh an Aontais Eorpaigh<br>– Conclúidí 2025 ón gComhairle maidir le Staidreamh an Aontais Eorpaigh (an 13 Samhain 2025) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, Conclúidí 2025 ón gComhairle maidir le staidreamh an Aontais Eorpaigh, mar a d'fhormheas an Chomhairle (Ecofin) iad ag an 4130ú cruinniú a bhí aici an 13 Samhain 2025.

**<u>CONCLÚIDÍ 2025 ÓN gCOMHAIRLE</u>**
**<u>MAIDIR LE STAIDREAMH EORPACH</u>**

Ghlac an Chomhairle na conclúidí seo a leanas:

I bhfianaise na dtosaíochtaí a leagadh síos roimhe seo sna conclúidí ón gComhairle ó mhí na Samhna 2024 maidir le staidreamh Eorpach, go háirithe maidir leis an Tuarascáil Stádais ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais maidir le ceanglais faisnéise san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (AEA), agus tosaíochtaí polaitiúla an Aontais 2024-2029 á gcur san áireamh, tá athbhreithniú déanta ag an gComhairle ar an dul chun cinn atá déanta a bhaineann le ceanglais faisnéise in AEA, staidreamh faoin nós imeachta um easnamh iomarcach, faireachas ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha agus staidreamh struchtúrach.

**Staidreamh Eorpach atá oiriúnach don todhchaí**

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle an t-athbhreithniú ar Rialachán (CE) 223/2009 maidir le staidreamh Eorpach agus MOLANN SÍ don Chóras Staidrimh Eorpach na forálacha nua a bhaineann le rochtain fheabhsaithe ar shonraí riaracháin agus ar shonraí digiteacha atá i seilbh phríobháideach a ghiaráil chun nuálaíocht a chothú agus chun staidreamh oifigiúil Eorpach atá níos tráthúla, níos gráinní agus níos costéifeachtaí a thiomsú.

TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE comóradh 20 bliain Chód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh agus AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé gach beart is gá a dhéanamh chun a áirithiú go n-urramófar neamhspleáchas gairmiúil na n-oifigí staidrimh go héifeachtach i ré ina bhfuil bréagaisnéis ag dul i méid. IARRANN an Chomhairle ar an gCóras Staidrimh Eorpach féachaint ar nuashonrú a dhéanamh ar an gCód agus é d’aidhm aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as úsáid a bhaint as an intleacht shaorga, as foinsí nua sonraí agus as teicnící nuálacha eile i dtáirgeadh an staidrimh Eorpaigh.

ATHDHEARBHAÍONN an Chomhairle go bhfuil sí tiomanta cáilíocht, tráthúlacht agus ábharthacht an staidrimh Eorpaigh a chosaint, agus CUIREANN SÍ IN IÚL ag an am céanna gur gá an t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí agus ar chomhlachtaí poiblí a laghdú. I ndáil leis an méid sin, IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle iarrachtaí an Chórais Staidrimh Eorpaigh rannchuidiú le clár oibre simpliúcháin an Aontais, i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2025 maidir le cur chun feidhme agus simpliú, trí shonraí a bailíodh cheana a athúsáid, trí fhoinsí nua sonraí agus trí nuálaíocht theicneolaíoch. TATHANTAÍONN an Chomhairle ar an gCóras Staidrimh Eorpach tástáil struis ar reachtaíocht staidrimh an Aontais a dhéanamh mar thosaíocht agus é d'aidhm bearta simpliúcháin agus laghdaithe ualaigh a shainaithint a d'fhéadfaí a chur i ngníomh agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuairisciú tráthrialta a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéanfar.

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle na hiarrachtaí ar an dlúthchomhar idir an Córas Staidrimh Eorpach (CSE) agus an Córas Eorpach Banc Ceannais (CEBC) a neartú a thuilleadh chun staidreamh Eorpach a tháirgeadh, mar a léirítear i Rialachán (CE) 223/2009 athbhreithnithe maidir le Staidreamh Eorpach (Rialachán (AE) 2024/3018) agus i Moladh BCE le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2533/98 maidir le faisnéis staidrimh a bheith á bailiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2025/17). CUIREANN an Chomhairle I bhFIOS GO LÁIDIR go dtugann na hathbhreithnithe sin spreagadh breise chun an leas is fearr is féidir a bhaint as na tairbhí a ghabhann le dlúthchomhar idir an Córas Staidrimh Eorpach agus CEBC chun staidreamh oifigiúil Eorpach ar ardchaighdeán a tháirgeadh.

**Acmhainní a chur ar fáil do thosaíochtaí an staidrimh Eorpaigh**

AITHNÍONN an Chomhairle a ríthábhachtaí atá sé córas domhanda nuashonraithe na gcuntas náisiúnta a chur chun feidhme chun a áirithiú go léireoidh an staidreamh Eorpach agus náisiúnta réaltacht an gheilleagair dhigitigh, dhomhanda agus inbhuanaithe. CUIREANN an Chomhairle BÉIM ar a phráinní atá sé go n-áiritheodh na Ballstáit leordhóthanacht na n-acmhainní daonna agus airgeadais chun staidreamh oifigiúil Eorpach a fhorbairt agus a tháirgeadh, lena n-áirítear na hacmhainní is gá don obair mhór atá le déanamh maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta a nuashonrú agus chun leas a bhaint as acmhainneacht foinsí nua sonraí agus teicneolaíochtaí nua.

TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE go n-áirítear sa togra ón gCoimisiún maidir le Clár um an Margadh Aonair agus Custam cuspóir sonrach agus iarscríbhinn thiomnaithe lena gcumhdaítear an chéad chreat clársceidealaithe eile le haghaidh staidreamh Eorpach arb é is aidhm dó na tosaíochtaí agus na spriocanna straitéiseacha a leagtar síos i gcomhsheasamh 2025 an Chórais Staidrimh Eorpaigh a léiriú maidir le todhchaí an staidrimh Eorpaigh.

**Tuarascáil Stádais 2025 ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais maidir le Ceanglais Faisnéise in AEA**

IS MÓR ag an gComhairle na feabhsuithe breise a cuireadh ar cháilíocht agus ar infhaighteacht na bpríomhtháscairí eacnamaíocha Eorpacha. CUIREANN an Chomhairle BÉIM ar a tábhachtaí atá an ról atá ag príomhtháscairí eacnamaíocha Eorpacha i gcónaí mar bhonn chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí eacnamaíocha gearrthéarmacha agus TÁ SÍ AG TNÚTH le tuilleadh dul chun cinn chun na bearnaí atá fós ann a dhúnadh.

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle iad na gníomhaíochtaí leanúnacha faoi Thionscnamh G20 maidir le Bearnaí Sonraí, agus go háirithe an obair atá ar bun maidir le staidreamh i ndáil leis an athrú aeráide agus maidir le bearta dáileacháin ar ioncam teaghlaigh, ar thomhaltas agus ar rachmas, atá ríthábhachtach chun príomhbheartais an Aontais a chur i gcrích.

**Staidreamh don Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis (CCF) agus tacaíocht mhodheolaíoch do shonraí Eorpacha um chosaint**

LEAGANN an Chomhairle BÉIM ar an ngá atá leis an obair staidrimh leanúnach maidir le hardtreoraíocht mhodheolaíoch chun caiteachas cosanta a thaifeadadh i staidreamh airgeadais an rialtais. MOLANN an Chomhairle go mbeadh idirphlé agus comhordú níos fearr ann i measc na bpáirtithe leasmhara ábhartha Eorpacha agus náisiúnta chun feabhas a chur ar inchomparáideacht, iontaofacht agus trédhearcacht an staidrimh ar chaiteachas cosanta, agus chun a áirithiú go gcuirfidh na húdaráis staidrimh náisiúnta sonraí ar fáil go tráthúil maidir le caiteachas cosanta, mar a shainítear le cuntais náisiúnta é, agus caiteachas faoin ionstraim SAFE, mar chuid de thuairisciú an nós imeachta um easnamh iomarcach do Eurostat, agus i gcomhthéacs ghníomhachtú na gclásal éalaithe náisiúnta.

**Staidreamh maicreacnamaíoch**

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle an nuashonrú ar chóras domhanda na gcuntas náisiúnta de chuid na Náisiún Aontaithe (CCN 2025) agus ar an Lámhleabhar maidir le Comhardú na nÍocaíochtaí (BPM7), ar feabhsú tábhachtach iad ar thomhas na digiteála, an domhandaithe, na dea-bhaile agus na hinbhuanaitheachta, agus MOLANN SÍ don Chóras Staidrimh Eorpach dul ar aghaidh leis an nuashonrú ar Chóras Eorpach na gCuntas (CEC 2010) chun na feabhsuithe sin a chur san áireamh go hiomlán agus chun inchomparáideacht a choinneáil ar bun go hidirnáisiúnta agus idir Ballstáit an Aontais chun staidreamh ardcháilíochta a ráthú ar mhaithe leis na húsáideoirí, lena n-áirítear chun críocha riaracháin an Aontais.

**Staidreamh le haghaidh an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha**

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle dearbhú cáilíochta an staidrimh atá mar bhonn leis an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha agus IS MÓR AICI tuarascáil measúnaithe cáilíochta bhliantúil CSE-CEBC ar an staidreamh is bonn leis an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha ó Eurostat agus ón mBanc Ceannais Eorpach, agus na gníomhaíochtaí a sainaithníodh inti Á dTABHAIRT DÁ hAIRE AICI.

**Táscairí Réadmhaoine Tráchtála**

TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE an togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh eastáit réadaigh tráchtála neamhairgeadais, lena gcabhrófaí le haghaidh a thabhairt ar mholtaí an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach (BERS) agus lena ndúnfaí na bearnaí a sainaithníodh maidir le hinfhaighteacht staidrimh inchomparáide maidir le praghsanna, cíosanna agus tús tógála foirgneamh in earnáil an eastáit réadaigh tráchtála.

**Tithíocht**

CUIREANN an Chomhairle BÉIM ar a thábhachtaí atá sé ó thaobh beartais de go mbeadh staidreamh tráthúil agus ardcháilíochta ar fáil maidir le tithíocht inacmhainne agus inbhuanaithe agus IS MÓR AICI an iarracht atá á déanamh ag an gCóras Staidrimh Eorpach feabhas a chur ar an staidreamh sa réimse sin. CUIREANN an Chomhairle BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí machnamh ar an ngá leis an ualach riaracháin agus na costais do na Ballstáit, do ghnólachtaí agus do shaoránaigh a theorannú.

**An staidreamh gnó Eorpach a athchóiriú**

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle an t-athchóiriú atá beartaithe ar staidreamh gnó agus trádála na hEorpa chun léargas níos fearr a thabhairt ar iomaíochas, táirgiúlacht agus athléimneacht ghnólachtaí an Aontais agus a slabhraí soláthair. MOLANN an Chomhairle go dtabharfaí aird ar leith ar an ualach riaracháin a laghdú a thuilleadh chomh maith leis na costais a chuirtear ar tháirgeadh an staidrimh faoi seach, agus a ardcháilíocht á coinneáil ag an am céanna.

**Staidreamh le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe fuinnimh**

AITHNÍONN an Chomhairle a mhéid a chuireann an staidreamh leis an aistriú glas agus leis an aistriú fuinnimh, lena n-áirítear maidir le fuinneamh in-athnuaite agus praghsanna leictreachais agus gáis, maolú ar an athrú aeráide, slándáil bia, agus aistriú earraí agus paisinéirí go modhanna iompair nach bhfuil chomh truaillitheach céanna. IS MÓR AG an gComhairle iarracht an Chórais Staidrimh Eorpaigh soláthar staidrimh thráthúil ardcháilíochta a thabhairt ar aghaidh faoi Rialachán athbhreithnithe (AE) 691/2011 maidir le cuntais Eorpacha eacnamaíocha chomhshaoil.

**Staidreamh talmhaíochta agus iascaigh**

TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE an togra ón gCoimisiún maidir le staidreamh Eorpach iascaigh agus dobharshaothraithe, lena ndéanfaí na gníomhartha dlíthiúla atá ann cheana a chuíchóiriú agus lena laghdófaí an t-ualach riaracháin trí shonraí ábhartha ó bhunachair sonraí nó ó chláir arna mbunú le dlí an Aontais a athúsáid.

**Staidreamh sóisialta**

LEAGANN an Chomhairle BÉIM ar a ríthábhachtaí atá staidreamh sóisialta comhtháite Eorpach ar ardcháilíocht chun beartais shóisialta Eorpacha a fhorbairt, lena n-áirítear Colún Eorpach na gCeart Sóisialta.

**An 17ú tuarascáil ón mBord Comhairleach um Rialachas Staitistiúil Eorpach (ESGAB) maidir le cur chun feidhme Chód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh**

TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE an 17ú tuarascáil ón mBord Comhairleach um Rialachas Staitistiúil Eorpach, a thugann forléargas neamhspleách ar an gCóras Staidrimh Eorpach a mhéid a bhaineann leis an gCód Cleachtais a chur chun feidhme.